Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Bealtaine 2018**
**(OR. en)**

**8756/18**

**AGRI 223**
**AGRIFIN 43**
**FIN 376**
**ENV 285**
**CLIMA 75**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 21/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: "Glasú: scéim tacaíochta ioncaim níos casta, gan a bheith éifeachtach fós ó thaobh an chomhshaoil de"<br>*- Conclúidí ón gComhairle (14 Bealtaine 2018)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le:

*Tuarascáil Speisialta Uimh. 21/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: "Glasú: scéim tacaíochta ioncaim níos casta, gan a bheith éifeachtach fós ó thaobh an chomhshaoil de"*

a ghlac an Chomhairle ag an 3615ú cruinniú a bhí aici, ar an 14 Bealtaine 2018.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 21/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:**

***"Glasú: scéim tacaíochta ioncaim níos casta, gan a bheith éifeachtach fós ó thaobh an chomhshaoil de"***

FÓGRAÍONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

(1) Is DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 21/2017 ón gCúirt maidir le glasú, ina measúnaítear an ndéantar an córas maidir le glasú a dhearadh, a fhaireachán agus a chur chun feidhme chun a fheidhmíocht chomhshaoil agus aeráide a fheabhsú, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach i reachtaíocht ábhartha de chuid an Aontais, amhail an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT).

(2) AITHNÍONN SÍ go bhféadfaí inbhuanaitheacht CBT a fheabhsú agus CREIDEANN SÍ gur cruthaíodh breis castachta agus maorlathais leis na híocaíochtaí glasa a tugadh isteach san athchóiriú a rinneadh ar CBT in 2013, gur deacair iad a thuiscint agus nach dócha go rachaidh siad chun tairbhe, ar bhonn suntasach, don chomhshaol agus don aeráid;

(3) TUGANN SÍ DÁ hAIRE moltaí na Cúirte don Choimisiún, ar cheart iad a chur san áireamh agus tograí á bhforbairt don chéad athchóiriú eile ar CBT, maidir leis an méid seo a leanas mar shampla:

– an gá le loighic idirghabhála iomlán chun go bhféadfar, trí CBT, rannchuidiú le cuspóirí de chuid an Aontais a bhaint amach a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid;

– an nasc idir na noirm bhunúsacha chomhshaoil agus an bhonnlíne chomhshaoil ar thaobh amháin, agus íocaíochtaí CBT agus pionóis i gcás neamhchomhlíonadh ar an taobh eile;

– gníomhaíocht chlársceidealaithe níos láidre bunaithe ar spriocanna feidhmíochta a bhaint amach a théann níos faide ná an bhunlíne chomhshaoil, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar riachtanais áitiúla shonracha;

(4) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar ábhair shonracha imní na mBallstát maidir le hailtireacht reatha CBT i ndáil le glasú, ar cheart aghaidh a thabhairt orthu sa chéad athchóiriú eile ar CBT, an méid seo a leanas san áireamh:

- díriú ar bhearta spriocdhírithe chun idir bheartas éifeachtach agus simpliú a bhaint amach;
- an t-ualach riaracháin a laghdú maidir le cuspóirí a bhaineann leis an gcomhshaol agus an aeráid a bhaint amach;
- na ceanglais a bheidh ann amach anseo don ailtireacht ghlas, a shruthlíniú agus aon fhorluí sna ceanglais sin a sheachaint;
- níos mó coimhdeachta agus solúbthachta a áirithiú chun aird a thabhairt ar na sainiúlachtaí náisiúnta agus réigiúnacha, agus idirghabhálacha á gceapadh agus, ag an am céanna, ba cheart leibhéal comhchoiteann uaillmhéine, maidir le cuspóirí comhshaoil, a bhunú ar leibhéal an Aontais chun cothrom na Féinne a áirithiú;
- ag aithint di an ról tábhachtach atá ag feirmeoirí chun an comhshaol agus an aeráid a chosaint mar earraí poiblí, ról a fhágann gur ceart cúiteamh leordhóthanach a fháil ar chleachtais talmhaíochta atá chun leasa na haeráide agus an chomhshaoil;
- dreasachtaí éifeachtacha a chur ar fáil d'fheirmeoirí le go ndéanfaidh siad níos mó cleachtais chomhshaoil agus aeráide ná mar a cheanglaítear;
- a áirithiú gur cheart don ghníomhaíocht chlársceidealaithe atá bunaithe ar spriocanna feidhmíochta a bhaint amach, a bheith simplí, réalaíoch, éasca a chainníochtú, inrialaithe, agus infheidhme maidir le cúinsí áitiúla;
- nach mbeadh aon mhoill ná aon chur isteach ar eisíoc na n-íocaíochtaí d'fheirmeoirí.